# Téarmaí agus Coinníollacha na Scéime Éifeachtúlachta Comhshaoil Mairteola - Ba Diúil

# (BEEP-S)

**Mar chuid de Chláir Éifeachtúlachta na hEarnála Mairteola 2022**

**Tugtha isteach ag**

**AN TAIRE TALMHAÍOCHTA, BIA AGUS MARA**
**DÁTA DEIRIDH an 25 Aibreán 2022 ag 23.59**

Tá na sonraí ar fad a bhaineann leis an gClár seo le fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara
www.gov.ie/agriculture

Tá íocaíochtaí BEEP-S á maoiniú ina n-iomláine ag an Státchiste Náisiúnta.

**1. Cuntas Ginearálta agus Bonn Dlí**
Is forálacha riaracháin iad seo le haghaidh chur chun feidhme an Chláir atá curtha i dtoll a chéile de réir Acht Airí agus Rúnaithe 1924.

**2. Forálacha Ginearálta**
2.1 Mairfidh an Clár Éifeachtúlachta Comhshaoil Mairteola – Ba Diúil (BEEP – S) aon bhliain amháin.
2.2 Beidh an Clár á riar ag an Roinn agus beidh sé á chur i bhfeidhm ar fud an Stáit i ndáil le tréada diúil mairteola incháilithe.
2.3 Beidh feidhm le prionsabal na gcostas tabhaithe, agus an ioncaim faighte roimhe seo. Feidhmíonn an Scéim faoi Chreat Sealadach um Chúnamh Stáit COVID-19.
2.4 Tá rannpháirtíocht sa Chlár deonach.

**3. Sainmhínithe**
Chun críche an Chláir:
3.1 Ciallóidh "**An Roinn**" an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.
3.2 Ciallóidh "**Aire**" an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara.
3.3 Ciallóidh "**Feirmeoir**" duine nádúrtha nó dlítheanach, nó grúpa daoine nádúrtha nó dlítheanacha, cibé acu stádas dlí a dheonaítear don ghrúpa agus dá bhaill de réir an dlí náisiúnta, ag a bhfuil tréad-uimhir eisithe ag an Roinn Talmhaíochta, Bia & Mara agus a chleachtann gníomhaíocht talmhaíochta.
3.4 Chun críche an Chláir seo, is ionann **Comhpháirtíocht Chláraithe Feirme** agus comhpháirtíocht

a. atá ag feidhmiú de réir *Partnership Act 1890*

b. atá ag feidhmiú le haghaidh thréimhse na rannpháirtíochta sa Chlár seo, agus

c. atá iontráilte in "Clár" na gComhpháirtíochtaí Feirme

3.5 Ciallóidh “**gabháltas**” na haonaid táirgthe ar fad atá á mbainistiú ag feirmeoir i rith 2022 agus na blianta ina dhiaidh sin agus atá lonnaithe laistigh de dhlínse Phoblacht na hÉireann.

3.6 Ciallóidh “**iarratasóir**” feirmeoir nó comhpháirtíocht feirme a dhéanann iarratas ar rannpháirtíocht sa Chlár Éifeachtúlachta Comhshaoil Mairteola – Ba Diúil (BEEP–S). Ní féidir le hiarratasóirí ach iarratas **amháin** den chineál sin a dhéanamh.

3.7 Ciallóidh “**tréad-úinéir**” nó duine, duine a rinne iarratas ar thréad-uimhir, an chuideachta nó an t-eintiteas nó an duine/na daoine ag a bhfuil tréad-uimhir shonrach lena ndéantar aon íocaíochtaí. Rangaítear ról an "coimeádaí" mar ról neamhairgeadais agus, dá réir sin, ní féidir íocaíochtaí a dhéanamh le “coimeádaithe”.

3.8 Ciallóidh **“BEEP-S”** An Scéim Éifeachtúlachta Comhshaoil Mairteola – Ba Diúil.

3.9 Ciallóidh **“SBI”** Scéim Bhunúsach Íocaíochta.

3.10 Ciallóidh **“iarratas**” iarratas ar chonradh faoi BEEP-S de réir na dTéarmaí agus na gCoinníollacha atá sonraithe ann.

3.11 Ciallóidh “**ICBF**” Cónaidhm Phórú Eallaigh na hÉireann.

3.12 Áireoidh “**gníomhairí**” ICBF chun críocha an Chláir seo

3.13 Ciallóidh “**AIM**” córas um Shainaithint agus Gluaiseacht Ainmhithe na Roinne.

3.14 Ciallóidh “**pór mairteola”** aon phór seachas na cinn seo a leanas: Angler Rotvieh (Angeln)-Rod-dansk maelkerace (RMD), Ayrshire, Armoricaine, Blue Albion, Bretonne Pie-Noire, Donn Eilbhéiseach, Fries Hollands (FH), Francaise frisonne pie noire (FFPN), Friesian-Holstein, Holstein, Freaslannach Dubh agus Bán, Freaslannach Dearg agus Bán, Frisona Espanola, Frisona Italiana, Zwartbonten van Belgie/Pie noire de Belgique, Sortbroget dansk maelkerace (SDM), Deutsche Schwarzbunte, Schwarzbunte Milchrasse (SMR), Groninger Blaarkop, Geansóg, Geirseog, Malkekorthorn, Normande, Ioruach Dearg, Sualannach Dearg, Danmhargach Dearg, Reggiana agus Valdostana Nera, Itasuomenkarja, Lansisuomenkarja, Rotbunt agus Pohjoissuomenkarja.

**4. Cuspóir an Chláir**
Is é cuspóir BEEP-S dlús a chur le tuilleadh éifeachtúlachta geilleagraí agus comhshaoil sa tréad ba diúil trí chainníocht agus caighdeán na sonraí feidhmíochta a bhailítear a fheabhsú. Déanfar é seo trí thacar sonraí an tréada náisiúnta le haghaidh meastóireachtaí géiniteacha a fheabhsú, agus é mar aidhm tacú le glacadh le dea-chleachtas agus cinnteoireacht níos eolasaí ag leibhéal feirme. Díreoidh an Clár seo ar éifeachtúlacht scoite ba agus laonna diúil trí mheáchain bheo ba agus sliocht i dtréad gach rannpháirtí a bhailiú; feabhsófar leas na laonna nuair a bhítear á scoitheadh; agus rialófar puchán ae i mba diúil aosaigh.

**5. Coinníollacha chun Cúnamh a Cheadú**

5.1 Beidh cead ag gach feirmeoir mairteola a gheallann an ghníomhaíocht éigeantach atá riachtanach le haghaidh thréimhse iomlán an Chláir a chur i gcrích iarratas a dhéanamh ar an gClár.

5.2 Sa chás go gcuireann an iomarca daoine isteach ar an gClár, d’fhéadfaí ciorrú líneach a chur i bhfeidhm i ndáil le híocaíochtaí.

5.3 Coimeádann an tAire an ceart Téarmaí agus Coinníollacha an Chláir a athrú, an Clár a dhúnadh agus/nó an cúnamh deontais a athrú am ar bith.

5.4 Ní hionann iarratas bailí a sheoladh isteach agus ráthú go nglactar le hiontráil ar an gClár.

5.5 Cuirfear gach iarratasóir ar an eolas faoi thoradh a n-iarratais ar rannpháirtíocht sa Chlár.

**6. Incháilitheacht**
Beidh iarratasóir incháilithe:

6.1 ocht déag mbliana d’aois nó níos sine ar dháta déanta an iarratais ar rannpháirtíocht**.**

6.2 ina s(h)ealbhóir de thréad-uimhir ghníomhach agus beidh Stádas Tréad-Úinéara aige/aici. **Níl Coimeádaí Tréada inghlactha.**
6.3 i mbun feirmeoireachta ar ghabháltas a bhfuil Iarratas bailí ar an Scéim Bhunúsach Íocaíochta curtha faoi bhráid na Roinne lena aghaidh in 2022.
Ciallóidh bó dhiúil incháilithe bó dhiúil:
6.4 A bhaineann le **pór mairteola nó atá ginte ag tarbh de chuid póir mhairteola.**
6.5 **Nach n-úsáidtear mar bhó dhiúil chun bainne a sholáthar ar bhonn tráchtála.**
6.6 Ar cuid de thréad í a bhfuil sé beartaithe laonna a thógáil le haghaidh táirgeadh feola.
6.7 A thógann lao trí dhiúl.
6.8 Atá faoi úinéireacht agus i seilbh an iarratasóra agus atá á coimeád ar an ngabháltas.
6.9 Atá clibeáilte, cláraithe agus taifeadta de réir rialacha AIM. Tá tagairt déanta maidir leis seo i Rialachán CE 1760/2000.
6.10 Atá inseamhnaithe go nádúrtha nó trí AI, ag tarbh de chuid póir mhairteola.
6.11 A shaolaíonn lao beo incháilithe, i dtréad an iarratasóra, atá clibeáilte agus cláraithe i ndáil leis an mbó sin de réir Rialachán AE 1760/2000.
Ciallaíonn lao incháilithe lao:
6.12 A saolaíodh i dtréad an iarratasóra idir an 1 Iúil 2021 agus an 30 Meitheamh 2022.
6.13 A bhaineann le pór mairteola, i.e. a shaolaíonn Bó Dhiúil incháilithe agus atá ginte ag tarbh de chuid póir mhairteola.
6.14 Ar cuid de thréad é a bhfuil sé beartaithe laonna a thógáil le haghaidh táirgeadh feola.
6.15 Atá faoi úinéireacht agus i seilbh an iarratasóra ó rugadh é agus atá á choimeád ar an ngabháltas.
6.16 Atá beo nuair a dhéantar é a mheá.

6.17 Atá clibeáilte agus cláraithe le Gníomhaireacht Chlárúcháin na Roinne, Cloich na Coillte, Co. Chorcaí laistigh de 27 lá ón mbreith de réir Rialachán AE 1760/2000. Mura gcláraítear lao laistigh de 27 lá ón mbreith ní bheidh ainmhí incháilithe le haghaidh íocaíochta. Tá an fhreagracht ar an bhfeirmeoir a chinntiú go bhfaigheann an Ghníomhaireacht Chlárúcháin an clárúchán laistigh de 27 lá ón mbreith.
6.18 Atá clibeáilte, cláraithe agus taifeadta go cuí de réir rialacha AIM. Tá tagairt déanta maidir leis seo i Rialachán CE 1760/2000.
6.19 Níl a mheáchan taifeadta faoi Chlár na Laonna Mairteola Déiríochta.

**7. Oibleagáidí an Chláir**

Tá roinnt gníomhartha luaite sa Chlár, **agus tá gníomh amháin éigeantach.** Ansin tá an rogha ag iarratasóirí gníomh 2, agus/nó gníomh 3 a roghnú. Ní mór d'iarratasóirí a chinntiú go bhfuil na gníomhartha cearta roghnaithe acu roimh an t-iarratas a sheoladh ar aghaidh de bhrí nach féidir earráidí nó easnaimh a cheartú ina dhiaidh sin.

7.1 **Gníomh 1; Meá agus Meáchain a Sheoladh chuig ICBF.**

Is gníomh éigeantach é seo. Ní mór do rannpháirtithe gach lao neamhscoite agus a mháthair a mheá agus na meáchain a sheoladh chuig ICBF. Ón 01 Bealtaine 2022, ba cheart gach meáchan a sheoladh ar aghaidh laistigh de 7 lá ó mheá an ainmhí agus tráth nach déanaí ná an 01 Samhain 2022.
**Ceanglas 1** – Ní mór go mbeadh gach Lao atá le meá saolaithe idir an 01 Iúil 2021 agus an 30 Meitheamh 2022.
**Ceanglas 2** – Ní mór Laonna Neamhscoite Beo agus Máithreacha a mheá ar ghabháltas an iarratasóra ar an lá céanna.
**Ceanglas 3** – Ní féidir úsáid a bhaint ach as scálaí atá cláraithe agus arna n-úsáid de réir cheanglais Iarscríbhinn 1 chun críocha an Chláir seo.
**Ceanglas 4** – Ní mór meáchain a sheoladh ar aghaidh idir an 01 Eanáir 2022 agus an 01 Samhain 2022 de réir Iarscríbhinn 1.

Má tá meáchain á dtaifeadadh agat ar líne/go leictreonach **caithfear na meáchain a thaifeadadh** i mbunachar sonraí ICBF faoi 5:30pm ar an 01 Samhain 2022. Cuimsítear i soláthar leictreonach suíomh gréasáin ICBF, aip taifeadta meáchain ICBF, bogearraí feirmeoireachta agus aon fheidhmchláir tríú páirtí atá nasctha le bunachar sonraí ICBF.
Má tá meáchain á soláthar tríd an bpost agat, **caithfidh ICBF na meáchain a fháil** faoi 5:30pm ar an 01 Samhain 2022.
Ba cheart do rannpháirtithe Iarscríbhinn 1 a léamh go cúramach chun teacht ar thuilleadh sonraí maidir leis an ngníomh seo.

7.2 **Gníomh 2.**
**Tá an rogha seo a leanas ag iarratasóirí;**

7.2.1 **Beathú de Láimh sa tréimhse réamhscoite agus iarscoite.**

Tairbhe a bhaint as beathú mine ar feadh tréimhse 4 seachtaine agus 2 sheachtain i ndiaidh scoite, chun an brú atá ar laonna i rith an scoite a laghdú agus an gníomh a thaifeadadh. Ní mór forbhianna a thabhairt do laonna i bhfoirm ábhar beathaithe cumaisc a bhfuil na mianraí agus

na vitimíní cuí ann. Ba cheart do rannpháirtithe Iarscríbhinn 2 a léamh go cúramach chun teacht ar thuilleadh sonraí maidir leis an ngníomh seo.

**NÓ**

7.2.2 **Vacsaíniú**

Clár Vacsaínithe a chur chun feidhme le haghaidh galar riospráide i laonna diúil agus sonraí an vacsaínithe a thaifeadadh. Ba cheart do rannpháirtithe Iarscríbhinn 3 a léamh go cúramach chun teacht ar thuilleadh sonraí maidir leis an ngníomh seo.

7.2 **Gníomh 3; Tástáil Uibheacha Faecacha**

Tá sé mar aidhm le Tástáil Uibheacha Faecacha Puchán Ae agus Cogansaí i mba diúil aosaigh a rialú. Ní mór samplaí a bhailiú agus a sheoladh chuig saotharlanna faofa (tá na sonraí cuí le fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne, ag fa3003a0-de12-4cc6-a32d-fb2da66f126d.pdf (www.gov.ie) roimh an 01 Deireadh Fómhair 2022. Ba cheart do rannpháirtithe Iarscríbhinn 4 a léamh go cúramach chun teacht ar thuilleadh sonraí maidir leis an ngníomh seo.

7.3 **Ríomh na hÍocaíochta**
Tá an ráta íocaíochta le haghaidh ghníomh 1 cothrom le suas le €50 le haghaidh an chéad deich meáchan ba/lao i ngach tréad agus suas le €40 le haghaidh gach meáchan ba/lao ina dhiaidh sin suas go dtí uasmhéid 100 péire ar fad.
Tá íocaíocht bhreise le haghaidh ghníomh 2 a chur i gcrích cothrom le suas le €30 le haghaidh gach lao, agus tá íocaíocht le haghaidh ghníomh 3 cothrom le thart ar €10 le haghaidh gach ba.
Seo a leanas sonraí na híocaíochta go hachomair;

| | |
|---|---|
| Gníomh 1 ***(Éigeantach)*** – Meá | €50 don chéad 10 bpéire ba/lao meáite - €40 ina dhiaidh sin suas go dtí uasmhéid 100 péire ba/lao ar fad. |
| Gníomh 2 ***(Roghnach)*** – Is fearr ceann acu seo a leanas a roghnú: | Beathú Mine @ €30 le haghaidh gach lao meáite suas le huasmhéid 100 lao.<br>**nó**<br>Vacsaíniú @ €30 le haghaidh gach lao meáite suas le huasmhéid 100 lao. |
| Gníomh 3 ***(Roghnach)*** – Is féidir é seo a roghnú le cois Ghníomh 1 agus/nó CEANN amháin de na gníomhartha atá luaite i nGníomh 2. | Tástáil Uibheacha Faecacha @ €10 le haghaidh gach ba suas go dtí uasmhéid 100 bó. |

**Sa chás go bhfaightear an iomarca iarratas, d'fhéadfaí ciorrú líneach a chur i bhfeidhm.**
Ní dhéanfar íocaíocht ach i ndáil le péirí ba/lao a saolaíodh ar an ngabháltas idir an 01 Iúil 2021 agus an 30 Meitheamh 2022 agus sa chás go bhfuil meáchain na laonna beo agus a máithreacha beo taifeadta agus curtha faoi bhráid ICBF de réir na dTéarmaí agus Coinníollacha seo.
Má mheastar nach féidir sonraí meá a úsáid mar nár éirigh le hiarratasóir na Téarmaí agus Coinníollacha seo a chomhlíonadh, d'fhéadfaí an íocaíocht a shiarchoinneáil. Ní dhéanfar ach íocaíocht amháin i ndáil le gach péire ba/lao. **Ní féidir lao a fuair íocaíocht faoi chlár BEEP (S) íocaíocht a fháil arís faoin gClár Mairteola Déiríochta.**

7.4 **Pionóis** - Mura gcuirtear an rogha roghnaithe faoi Ghníomh 2 i gcrích beidh neamhíocaíocht i gceist i ndáil leis an ngníomh sin agus pionós riaracháin de 50% de luach na híocaíochta a bheadh déanta faoin ngníomh atá á chur i bhfeidhm.

**8. Nós Imeachta Iarratais**

8.1 Ní féidir iarratais a dhéanamh ach trí úsáid a bhaint as an tsaoráid ar líne ag www.agfood.ie. Ní mór d'iarratasóirí nach bhfuil cláraithe chun úsáid a bhaint as seirbhísí ar líne na Roinne clárú ar dtús ag www.agfood.ie.

8.2 Ní ghlacfar le hiarratas a bheith páirteach sa Chlár ach go dtí suas le 23.59 ar an Luan, an 26 Aibreán 2022. Is féidir glacadh le hiarratais i ndiaidh an dáta seo ach beidh pionóis i ndáil le hiarratais dhéanacha i bhfeidhm – féach 8.4 thíos.

8.3 Ní mór d'iarratasóirí a chinntiú go bhfuil an t-iarratas ceart agus go bhfuil ceann de na roghanna cearta roghnaithe roimh iarratas a sheoladh ar aghaidh de bhrí **nach féidir** earráidí agus easnaimh a cheartú ina dhiaidh sin. **Ní mór d'Fheirmeoirí nó Gníomhairí a chinntiú go gcliceálann siad ar an gcnaipe "seol" chun a n-iarratas a sheoladh ar aghaidh roimh dóibh an córas a scor. Mura gcliceáiltear ar an gcnaipe "seol" NÍ sheolfar d'iarratas ar aghaidh.**

8.4 **Iarratais Dhéanacha**

Tá tréimhse 25 lá féilire i ndiaidh dháta deiridh an 26 Aibreán inar féidir glacadh le hiarratais dhéanacha. Beidh asbhaintí ag ráta 1% sa lá i gceist, áfach, i ndáil le BEEP-S le haghaidh iarratais dhéanacha a fhaightear i rith na tréimhse seo (féach ar an tábla thíos). Ach amháin i gcásanna force majeure/dálaí eisceachtúla, ní ghlacfar le hiarratais nuair atá an tréimhse 25 lá féilire seo caite.

**9. Seiceálacha Riaracháin agus Comhlíontachta**

9.1 Beidh gach iarratas ar thacaíocht agus ar éilimh íocaíochta faoi réir seiceálacha riaracháin, cros-seiceálacha le bunachar sonraí ábhartha (lena n-áirítear AIM), agus aon rialuithe eile a mheastar atá riachtanach, sula ndéantar íocaíochtaí faoin gClár.

9.2 Éascóidh iarratasóirí aon seiceálacha riaracháin agus ar an láthair a mheasann an Roinn atá riachtanach. Déanfar seiceálacha ar an láthair ag leibhéal feirme lena chinntiú go bhfuil ceanglais an Chláir á gcomhlíonadh.
9.3 Ní dhéanfar aon íocaíocht i bhfabhar tairbhithe sa chás go suíonn an Roinn go bhfuil na coinníollacha a theastaíonn chun íocaíochtaí dá leithéid a fháil cruthaithe go saorga agus é mar aidhm buntáiste a chruthú dóibh féin contrártha le cuspóirí an Chláir.
9.4 Ní dhéanfar aon íocaíocht BEEP-S mura bhfuil dáta báis gach ainmhí BVD Síorionfhabhtaithe (P.I.) a rugadh roimh an 01 Eanáir 2022 taifeadta ar an gcóras um Shainaithint agus Gluaiseacht Ainmhithe (A.I.M.) roimh an 31 Márta 2022.
9.5 Éileofar ar rannpháirtithe taifead a chomhlánú ar a thaispeántar dáta tosaithe an bheathaithe mhine nó mionsonraí maidir le riaradh na vacsaíne do laonna diúil. Lena chois sin, ní mór admhálacha maidir le ceannachán mine (nó fianaise go bhfuil úsáid á baint as gránaigh atá á dtáirgeadh ar an bhfeirm) agus admhálacha maidir le ceannach vacsaíní nó aon oidis a choinneáil ar an bhfeirm agus a chur ar fáil lena n-iniúchadh.
Chomh maith leis sin, féadfaidh an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara cóip de bhileoga taifead a lorg ó iarratasóir i rith na bliana mar chuid de sheiceáil riaracháin chun comhlíontacht leis na bearta seo a fhíorú.
9.6 Ní mór do gach rannpháirtí taifead a choimeád lena léiriú go bhfuil na gníomhartha roghnaithe don Chlár curtha i gcrích.
Cuirfidh an Roinn leis na hiniúchtaí comhlíontachta ar an láthair feirme trí sheiceálacha Rialaithe Riaracháin a dhéanamh a chiallaíonn go n-éileofar ar chéatadán de na rannpháirtithe a gcuid taifead agus doiciméad gaolmhar a chur ar fáil don Roinn ag tréimhsí éagsúla i rith bhliain an chláir nuair a iarrtar a leithéid. Scrúdófar na taifid seo mar mhodh chun comhlíontacht le gníomhartha a sheiceáil. Is ceanglas den Chlár é go mbeidh aon iarratas ar fhaisnéis dá leithéid a chur ar fáil don Roinn á chomhlíonadh go hiomlán ag an iarratasóir.

Glacfar leis gurb ionann teip na taifid a sholáthar nó a sheoladh ar aghaidh nuair a iarrtar agus sárú ar oibleagáidí an chláir agus ní dhéanfar aon íocaíochtaí don bhliain ábhartha má tharlaíonn a leithéid agus forchuirfear pionós riaracháin 50% bunaithe ar an méid iomlán a bheadh iníoctha sa bhliain le haghaidh an ghnímh sin.

9.7 Ní bheidh rannpháirtithe BEEP-S incháilithe le haghaidh íocaíocht faoi Ghníomh 2 agus/nó faoi Ghníomh 3 **mura gcuireann siad Gníomh 1 i gcrích,** ceanglas éigeantach meáchain BEEP-S ina iomláine.

**10. Íocaíochtaí faoin gClár**

Déanfaidh an Roinn Talmhaíochta, Bia & Mara an íocaíocht go díreach i gcuntas bainc an rannpháirtí.

Beidh rialacha maidir le Cúnamh Stáit AE atá infheidhme i ndáil le fiontair atá páirteach i dtáirgeadh talmhaíochta faoi Chreat Sealadach um Chúnamh Stáit COVID-19 á gcomhlíonadh ag íocaíochtaí a dhéanfar faoi BEEP-S

**11. An Córas Athbhreithnithe agus Achomhairc**

I gcásanna ina bhfuil íocaíocht á siarchoinneáil, beidh 21 lá oibre ag iarratasóirí i ndiaidh fógra foirmiúil a fháil chun athbhreithniú de chuid na Roinne a lorg. Ba cheart go sonrófaí go soiléir in ann iarratas ar athbhreithniú na forais atá leis an athbhreithniú agus ba cheart go mbeadh doiciméid tacaíochta á soláthar más cuí. Cuirfear toradh an athbhreithnithe sin in iúl don iarratasóir i scríbhinn. Déanfar an t-athbhreithniú tosaigh seo gan dochar don cheart aon achomharc a bheith á dhéanamh ina dhiaidh sin ag an Oifig Achomhairc Talmhaíochta.

Féadfaidh iarratasóir a bhfuil íocaíocht dá c(h)uid á siarchoinneáil faoin gClár an cinneadh a achomharc chuig an Oifig Achomhairc Talmhaíochta. Ní mór achomhairc a thaisceadh laistigh de thrí mhí ón dáta ar litir athbhreithnithe na Roinne. Ba cheart achomhairc a sheoladh chuig: An Oifig Achomhairc Talmhaíochta, Cúirt Kilminchy, Port Laoise, Co. Laoise.

**12. Force Majeure**

12.1 Sa chás nach bhfuil tairbhí in ann leanúint le ceanglais na Scéime a chomhlíonadh mar gheall ar chúiseanna nach bhfuil faoina smacht, is féidir cás a dhéanamh faoi Force Majeure rannpháirtíocht sa Chlár a fhoirceannadh. I gcásanna dá leithéid, ba cheart don iarratasóir, nó a (h)ionadaí, scéala i scríbhinn a chur chuig an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Rannóg na Scéimeanna Mairteola, Seanbhóthar Mhainistir Laoise, Port Laoise, Co. Laoise, agus fianaise ábhartha a sholáthar, laistigh de 15 lá oibre ón dáta ag a bhfuil an tairbhí nó an duine i dteideal, in ann a leithéid a dhéanamh.

12.2 Gan dochar do na dálaí iarbhíre atá le breithniú i gcásanna aonair, is féidir na catagóirí seo a leanas de *force majeure* a chur san áireamh:

- bás an tairbhí,
- mí-inniúlacht ghairmiúil fhadtéarmach an tairbhí,
- díshealbhú an chuid ar fad nó cuid mhór den ghabháltas mura bhféadfaí a bheith ag súil lena leithéid sin de dhíshealbhú ar dháta taiscthe an iarratais,
- tubaiste nádúrtha shuntasach a bhfuil tionchar mór aige ar an ngabháltas,
- scriosadh taismeach foirgneamh beostoic ar an ngabháltas,
- galar eipeasótach nó plandaí a bhfuil tionchar aige ar chuid de bheostoc nó barraí, nó beostoc agus barraí uile, an tairbhí faoi seach.

**13. Comhpháirtíochtaí**

13.1 Tá Feirmeoirí atá páirteach i gComhpháirtíocht feirme atá cláraithe leis an Roinn incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar an gClár.

13.2 Ní mór an t-iarratas a dhéanamh faoin Uimhir Chomhpháirtíochta Cláraithe Feirme céanna atá in úsáid san Iarrtas ar an Scéim Bhunúsach Íocaíochta le haghaidh 2022.

13.3 Beidh tairseach uasta de 200 ainmhí i bhfeidhm i ndáil le Comhpháirtíocht Chláraithe Feirme ina bhfuil dhá thréad. Beidh tairseach uasta de 300 ainmhí i bhfeidhm i ndáil le Comhpháirtíocht Chláraithe Feirme ina bhfuil trí thréad nó níos mó.

13.4 Cuirfidh gach comhpháirtí na gealltanais ar fad a bhaineann lena g(h)abháltas i gcrích. Tá gach comhpháirtí freagrach i gcomhar lena chéile as na ceanglais uile a bhaineann leis an gClár Éifeachtúlachta Comhshaoil Mairteola - Ba Diúil a chomhlíonadh.

**14. Iniúchtaí**
14.1 Coimeádann an tAire an ceart iniúchtaí a dhéanamh ag amanna réasúnacha ar aon talamh, áitreabh, innealra, trealamh, beostoc agus taifid atá i seilbh rannpháirtithe.
14.2 Trí iarratas a dhéanamh, comhaontaíonn iarratasóirí cead a thabhairt d'oifigigh nó do ghníomhairí de chuid na Roinne iniúchtaí a dhéanamh ar an bhfeirm a bhféadfaí a áireamh ina measc ainmhithe a mheá chun críche sonraí a bhailíochtú, le nó gan réamhfhógra ag aon am/amanna réasúnach(a) agus gan dochar do dhliteanas poiblí.
14.3 Mura féidir iniúchadh ar an bhfeirm a chur i gcrích bunaithe ar locht nó ar ghníomh de chuid an fheirmeora nó a (h)ionadaí, bainfear an rannpháirtí den Chlár agus ní bhfaighidh sé/sí aon íocaíocht.
14.4 Nuair a fhaigheann sé/sí fógra maidir le hiniúchadh feirme, ba cheart don rannpháirtí a chinntiú go mbeidh sé/sí i láthair ag an iniúchadh nó ba cheart dó/di a chinntiú go bhfuil ionadaí ainmnithe ina (h)áit i láthair chun cabhrú leis an oifigeach iniúchta.
14.5 Beidh gach iniúchadh ar an láthair faoi réir tuarascála agus tabharfar deis don rannpháirtí nó dá (h)ionadaí an tuarascáil a shíniú chun a láithreacht ag an iniúchadh a léiriú agus a c(h)uid breathnóireachtaí a thaifeadadh sa tuarascáil más mian leis/léi é sin a dhéanamh. Ní thugann síniú an doiciméid seo le fios go nglacann an t-iarratasóir nó a (h)ionadaí le torthaí an iniúchta.

**15. Freagracht an Iarratasóra**

15.1 Beidh an t-iarratasóir freagrach as eolas a chur ar Théarmaí agus Coinníollacha an Chláir agus ar na hiarmhairtí a bhaineann le sáruithe ar an gClár.

15.2 Ní thugann ceadú nó íocaíocht cúnaimh faoin gClár le fios go nglacann an tAire le haon fhreagracht maidir leis na hoibleagáidí atá le comhlíonadh ag an iarratasóir.

15.3 Ní mór don rannpháirtí taifead a choimeád lena léiriú go bhfuil na gníomhartha roghnaithe don Chlár curtha i gcrích.
15.4 Ní mór don iarratasóir gach admháil, doiciméad nó fianaise eile ar cruthúnas ar chomhlíontacht atá ann le gníomh an chláir a choimeád le haghaidh thréimhse na rannpháirtíochta sa chlár.
15.5 Ní mór an taifead a chur ar fáil nuair a iarrtar ionas gur féidir leis an Roinn iniúchadh agus seiceálacha riaracháin a dhéanamh - féach alt 23 infra.

**16. Teip Théarmaí agus Choinníollacha an Chláir a chomhlíonadh**
16.1 Sa chás, chun críocha íocaíocht a fháil faoin gClár lena mbaineann na Téarmaí agus Coinníollacha seo, go ndéanann an t-iarratasóir ráiteas falsa nó míthreorach go feasach nó sa chás go mbíonn faisnéis riachtanach á siarchoinneáil, nó má thagann aon athrú ábhartha ar dhálaí an iarratasóra a d'fhéadfadh a bheith i gcoinbhleacht le litir nó spiorad an Chláir, d'fhéadfaí a rannpháirtíocht in aon Chlár nó i gClár a fhoirceannadh agus d'fhéadfaí an cúnamh ar fad nó cuid den chúnamh a íocadh a aisíoc.
16.2 Coimeádann an tAire an ceart méideanna dá leithéid a aisghabháil de réir an dlí. Chomh maith leis sin, coimeádann an tAire an ceart aon duine dá leithéid a eisiamh ó rannpháirtíocht bhreise in aon chlár eile de chuid na Roinne le haghaidh tréimhse a chinnfear, ach i gcás ar bith ní shárófar tréimhse 6 bliana.

**17. Athbhreithniú ar Chúnamh Airgeadais**
17.1 Coimeádann an tAire an ceart srian a chur le hinfhaighteacht an Chláir agus méid an chúnaimh airgeadais a athrú, más gá, cibé áit a shonraítear sa Chlár.

17.2 D'fhéadfadh go gciallódh cúnamh a bheith á fháil nó iarracht cúnamh a fháil ag an iarratasóir nó ag daoine eile atá ag gníomhú ina n-aonar nó i dteannta a chéile faoin gClár go ndlífí daoine dá leithéid a ionchúiseamh.

**18. Coinníollacha íocaíochta**
Beidh gach íocaíocht a dhéanfar faoin gClár seo faoi réir na gcoinníollacha atá sonraithe ag an Aire, agus ní mór don iarratasóir iad a chomhlíonadh ina n-iomláine.

**19. Ceanglas Imréitigh Cánach**
D'fhéadfadh go mbeadh íocaíocht cúnaimh airgeadais mar a bhforáiltear di sa Chlár seo faoi réir an choinníll gur féidir deimhniú imréitigh cánach ó na Coimisinéirí Ioncaim a sholáthar sular féidir íocaíocht a eisiúint.

**20. Cosaint Sonraí**
Tarraingítear d'aird ar an bhFógra Cosanta Sonraí in Iarscríbhinn 5.

**21. Coinníollacha Breise**
21.1 Féadfaidh an tAire, am ar bith, coinníollacha breise a shonrú faoin gClár seo.
21.2 Coimeádann an tAire an ceart, na nósanna imeachta a athrú ó am go ham, atá le leanúint i rith fheidhmiú an Chláir.

**22. Léirmhíniú**
Féadfaidh an Roinn an bhrí a bhaineann le haon ghné de Théarmaí nó Coinníollacha an Chláir a leathnú, a mhíniú, a léirmhíniú nó a shainiú.

**23. Taifid**
Ní mór do gach iarratasóir a nglactar leo sa chlár taifead de gach gníomh comhlíontachta a choimeád. Tá sé riachtanach go mbeadh an taifead agus aon doiciméid ghaolmhara á gcoimeád agus á nuashonrú chun léargas a thabhairt ar ghníomhartha atá curtha i gcrích ag iarratasóirí faoin gclár. Ceanglófar ar rannpháirtithe a gcuirtear fógra maidir le seiceálacha riaracháin chucu a leithéid sin de thaifid a sholáthar.

**Iarscríbhinn 1.**
**Gníomh 1. Meá agus Meáchain a Sheoladh chuig ICBF. An próiseas a bhaineann le sonraí meáchain a thaifeadadh mar chuid de BEEP-S.**
Tá dhá rogha ar fáil do thréad-úinéirí chun sonraí meáchain a thaifeadadh mar chuid de BEEP-S. Seo a leanas iad: (i) samhail Chíosa - faigheann rannpháirtithe scálaí ar cíos ó ghníomhaire seirbhíse allamuigh chun tabhairt faoi phróiseas taifeadta meáchain BEEP-S, nó (ii) samhail úinéireachta, iasachta nó seirbhíse tríú páirtí - tá rochtain ag rannpháirtithe ar scálaí agus tá úsáid á baint acu as na scálaí seo chun próiseas taifeadta meáchain BEEP-S a chur i gcrích.
Tá léargas le fáil anseo thíos ar an bpróiseas atá le leanúint i ndáil le taifeadadh meáchain de réir gach ceann de na roghanna sin.

**An tSamhail Chíosa.**

• Má tá úsáid á baint as an tsamhail Chíosa chun meáchan a thaifeadadh, úsáid an tsaoráid lárnach áirithinte chun na scálaí a chur in áirithe. Tá na sonraí ábhartha le fáil ar www.mybeep.ie.

• Níor cheart do rannpháirtithe a bhfuil an tsamhail chíosa in úsáid acu dá seirbhís taifeadta meáchain, ach na scálaí ar cíos a úsáid dá gcuid ainmhithe. Is é an aidhm atá leis seo an riosca poitéinsiúil galair a bhaineann le trealamh a bhogadh ó fheirm go feirm a íoslaghdú.

• Nuair a bhíonn na scálaí á mbailiú ón ngníomhaire seirbhíse allamuigh, ceanglófar ort táille cíosa a íoc don lá agus gealltanas a thabhairt go mbeidh na ceanglais sonraithe maidir le húsáid na scálaí ar cíos á gcomhlíonadh agat. NB Mura gcomhlíontar na ceanglais a bhaineann le húsáid scálaí ar cíos d’fhéadfaí a mheas nach bhfuil do chuid sonraí inúsáidte agus, dá bharr sin, d’fhéadfadh d’íocaíocht a bheith i mbaol. Tá na nithe seo a leana le fáil ar gach scála; (i) clog

a chláraíonn meáchain na n-ainmhithe, (ii) meághéaga, a mheánn an t-ainmhí agus a chláraíonn an meáchan leis an gclog agus (iii) ardán iniompartha, atá le leagan ar urlár an ghabhlaigh chun an próiseas taifeadta meáchain a chur i gcrích. Tá an trealamh ar fad iniompartha. Tabhair faoi deara go bhfuil treoir céim ar chéim maidir le conas an próiseas taifeadta meáchain a chur i gcrích ar an bhfeirm, lena n-áirítear cóimeáil an trealaimh ábhartha, le fáil ar shuíomh gréasáin ICBF agus ar shuíomh gréasáin an ghníomhaire seirbhíse allamuigh.

• Chomh fada is a bhaineann le meáchain ba agus laonna a thaifeadadh, moltar do thréad-úinéirí úsáid a bhaint as roghanna leictreonacha chun na sonraí seo a thaifeadadh de bhrí go n-éascóidh sé seo taifeadadh níos beaichte agus níos tráthúla sonraí. Áirítear i measc na roghanna leictreonacha aipeanna, leathanach gréasáin ICBF agus Bogearraí Feirme.

Má tá na sonraí á dtaifeadadh ar pháipéar agat, ní mór duit úsáid a bhaint as an mbileog taifeadta meáchain atá curtha ar fáil ag ICBF. Is féidir an bhileog seo a phriontáil ó chuntas úsáideora ICBF an rannpháirtí nó a ordú go díreach ó ICBF roimh an gcuairt taifeadta meáchain. Comhlánaigh an fhaisnéis ábhartha ar fad ar an mbileog. Cuimsítear anseo (i) uimhir chlárúcháin uathúil na scálaí cíosa/ticbhosca chun eolas maidir leis an gcineál scálaí cíosa a úsáideadh a sholáthar, (ii) dáta an imeachta, agus (iii) meáchain ba agus laonna, taifeadta mar chuid den imeacht. Ansin ní mór an fhaisnéis a chur ar fáil do ICBF ionas gur féidir eochrú sonraí a dhéanamh de láimh.

• Chomh fada is a bhaineann le taifeadadh meáchain, ní mór do thréad-úinéirí ainmhithe a thaifeadadh ceann i ndiaidh a chéile, i.e., ba agus laonna leo féin agus ainmhí amháin ar an ardán ag an am. Ná meá ach laonna neamhscoite agus a máithreacha. Tá meáchain laonna bailí óna ndáta breithe go dtí dáta scoite an lao. Níor cheart meáchain laonna (agus a máithreacha) atá scoite a thaifeadadh.

• Tabhair faoi deara nach ndéanfar íocaíochtaí BEEP-S ach i ndáil le taifid mheáchain atá taifeadta agus bailíochtaithe i mbunachar sonraí ICBF. Ba cheart gach taifead a sholáthar laistigh de 7 lá ón bpróiseas taifeadta meáchain a chur i gcrích. Má mheastar nach bhfuil taifid mheáchain inúsáidte mar thoradh ar (inter alia) nach bhfuil na scálaí oiriúnach dá gcuspóir, b’fhéidir nach n-eiseofar íocaíocht faoin gClár

**Iarscríbhinn 1A. Doiciméad samplach le húsáid ag iarratasóir a bhfuil scálaí á bhfáil aige/aici ó thríú páirtí.**

**Uimhir Chlárúcháin Scálaí ICBF: ______________________________________________**

**Ainm an Úinéara: ___________________________________________________________**

**Seoladh an Úinéara: _________________________________________________________**

**_______________________________________________________________________**

**Síniú an Úinéara: ________________________________________________________**

**Ainm an rannpháirtí BEEP-S a bhfuil na scálaí in úsáid aige/aici: _____________________**

**Seoladh an rannpháirtí BEEP-S a bhfuil na scálaí in úsáid aige/aici: ____________________**

**_______________________________________________________________________**

**Síniú an rannpháirtí BEEP-S a bhfuil na scálaí in úsáid aige/aici: ______________________**

**Dáta a bhfuarthas na scálaí: ____________________________________________________**

**Dáta ar tugadh na scálaí ar ais: _________________________________________________**

**Iarscríbhinn 2**
**Gníomh 2 Rogha 1**
**Beathú de Láimh sa tréimhse réamhscoite agus iarscoite**

Ní mór forbhianna a thabhairt do laonna i bhfoirm ábhar beathaithe cumaisc a bhfuil na mianraí agus na vitimíní cuí ann le haghaidh ceithre seachtaine réamhscoite agus dhá sheachtain iarscoite.

Is féidir le rannpháirtithe beatha ina bhfuil forbhianna le mianraí agus vitimíní nó ábhar aonair (ábhar beathaithe) a úsáid mar bheatha. Má tá ábhar aonair (ábhar beathaithe) in úsáid, ba cheart do rannpháirtithe dul i gcomhairle lena gcomhairleoir nó saineolaí cothúcháin lena chinntiú go bhfuil leibhéal ceart cothaitheach á chinntiú. Ní mór ábhar beathaithe comhlántach mianraí a chur le hábhar aonair (ábhar beathaithe).

Má tá ábhar aonair amháin nó níos mó á meascadh le chéile ar an bhfeirm, trí vaigín meascthóra nó sluasaid lódála a úsáid, mar shampla, ní mór do rannpháirtithe clárú mar mheascthóir baile le DAFM. Tá foirmeacha clárúcháin le fáil ag an nasc seo a leanas:
http://www.gov.ie/en/service/8ba4f-approval-and-registration-of-feed-business-operators/

Ní mór admhálacha, sonraisc agus lipéid a bhaineann le beathú cumaisc, agus/nó ábhar aonair (ábhar beathaithe) agus meascáin chomhlántacha mianraí ceannaithe a choimeád agus a chur ar fáil chun críche iniúchta agus seiceáil riaracháin.

Ní mór gach ábhar beathaithe (lena n-áirítear beatha mianraí) a fháil ó oibritheoirí cláraithe nó ceadaithe gnó beathaithe. Tá liosta de ghnóthaí faofa le fáil anseo:
http://www.gov.ie/en/publication/76664-feeding-stuffs-lists-of-fbos-registered-and-approved/

Ní mór mianraí a bheathú de réir na dtreoracha atá sonraithe ar an lipéad. Ní mór go mbeadh an leibhéal forbhianna ag ráta oiriúnach chun an leibhéal riachtanach cothaithe a sholáthar. Ba cheart do rannpháirtithe úsáid a bhaint as forbhianna de réir mholtaí na ndéantúsóirí ar an lipéad.

Ceanglófar ar rannpháirtithe doiciméid díolacháin a choimeád le haghaidh aon bhó/laonna díolta mar aon leis na duillíní seachadta beatha agus dáta scoite a sholáthróidh fíorú go raibh an lao á bheathú ceithre seachtaine sa tréimhse réamhscoite agus dhá sheachtain sa tréimhse iarscoite.

Ní mór do rannpháirtithe dáta scoite gach ainmhí atá san áireamh le haghaidh íocaíochta faoin ngníomh seo a thaifeadadh. Sa chás go bhfuil grúpaí laonna á scoitheadh ar dhátaí difriúla, ba cheart na dátaí difriúla scoite le haghaidh gach grúpa a thaifeadadh.

**Iarscríbhinn 3**
**Gníomh 2 Rogha 2**
**(ii) Vacsaíniú**

Ba cheart comhairle tréidliachta a lorg le haghaidh clár vacsaínithe oiriúnach sa chás go bhfuil eolas sonrach maidir leis an bhfeirm ag an dtréidlia. Cabhraíonn vacsaíní le dóchúlacht galair a laghdú ach ní féidir brath ar vacsaíní astu féin chun galar a chosc. Cabhróidh an córas bainistíochta réamhscoite agus iarscoite le torthaí rathúla a bhaint amach i ndáil leis an gclár vacsaínithe le haghaidh galar riospráide bólachta.

Moltar gur cheart do gach iarratasóir dul i gcomhairle lena dtréidlia chun an clár vacsaínithe is oiriúnaí a roghnú dá bhfeirm féin.

| **Pataigin** | **Infhaighteacht vacsaíne** | **Tuairim** |
|---|---|---|
| Víreas sincítiach riospráide (RSV) | Sa tsrón - beo (IN)<br>Ionmhatánach - beo (IM)<br>Fo-chraicneach - marbh (SC) | Príomhphataigin i laonna scoite idir 6-12 mhí d'aois |
| Víreas paraifhliú-3 (PI-3) | Sa tsrón - beo (IN)<br>Ionmhatánach - beo (IM)<br>Fo-chraicneach - marbh (SC) | |
| Víreas heirpéas bólachta cineál 1 (BoHV-1) (Rineatraicéíteas tógálach buaibheach IBR) | Sa tsrón - beo (IN)<br>Ionmhatánach - beo (IM)<br>(Fo-chraicneach díghníomhaithe; SC) | D'fhéadfadh go mbeadh BoHV-1 le sonrú i laonna scoite diagnóisithe le BRD freisin |
| *Mannhaemia haemolytica* | Fo-chraicneach - marbh (SC) | |

**Iarscríbhinn 4**
**Gníomh 3. Tástáil Uibheacha Faecacha (FEC)**

Ní mór an tasc seo a chur i gcrích agus samplaí a sheoladh chuig saotharlann faofa ar nó roimh an 01 Deireadh Fómhair 2022.

Ní mór go mbeadh gach sampla faecach a bhailítear úr.

Ní mór don iarratasóir teagmháil a dhéanamh le Saotharlann Fhaofa de chuid na Roinne chun an pacáiste samplála a lorg (coimeádáin fholmha samplaí, foirm soláthair agus málaí Ziplock) agus nós imeachta íocaíochta a chomhaontú.

Tá liosta de shaotharlanna faofa na Roinne agus de thréidlianna le fáil ar Rannóg Scéimeanna Mairteola shuíomh gréasáin na Roinne.
www.gov.ie/agriculture

Sa chás go dteipeann ar rannpháirtí saotharlann atá liostaithe ar liosta Shaotharlanna Faofa na Roinne a úsáid chun críche Rialú Paraisíte (Tástáil Uibheacha Faecacha/FEC), measfar nach bhfuil an gníomh seo curtha i gcrích ina iomláine de réir choinníollacha na chláir agus, dá réir sin, nach mbeidh sé incháilithe don íocaíocht.

Ba cheart go mbeadh na ba i gcró glan. Fág ansin iad ar feadh cúpla uair an chloig gan cur isteach orthu nó go dtí go bhfuil roinnt faecais le feiceáil. Má tá deich mbó incháilithe agat,

ní mór sampla a fháil ó gach bó; má tá 5 bhó incháilithe agat, ní mór duit 10 sampla a sholáthar, mura ndéanann tú é sin ní féidir leis an tsaotharlann a fhíorú go bhfuil coinníollacha na scéime comhlíonta agat

Cuir lámhainní ort, agus bailigh samplaí faecacha ó 10 sampla dhifriúla d'fhaecas úr agus cuir na samplaí in 10 gcoimeádán dhifriúla (Ní mór duit taespúnóg charntha d'fhaecas, ar a laghad, a bhailiú).

Cuir gach coimeádán d'fhaecas i mála plaisteach Ziplock atá curtha ar fáil duit.

Cuir na samplaí sa phost, ar lá bailithe na samplaí, nó an lá ina dhiaidh sin, ar a laghad. Má bhailítear samplaí ag an deireadh seachtaine, stóráil iad in áit fhionnuar, cuisneoir nach bhfuil in úsáid chun críche teaghlaigh go hinmhianaithe (NÁ REO AGUS NÁ FÁG SA GHRIAN) agus seol sa phost ar an Luan.

Baileofar samplaí le chéile agus déanfar tástáil orthu sa tsaotharlann. Ina dhiaidh sin, cuirfidh a rogha saotharlainne tacar amháin torthaí ar fáil don rannpháirtí.

Ba cheart dáileog a thabhairt do bha bunaithe ar an toradh a bhíonn ar an toradh FEC.

Moltar d'iarratasóirí torthaí a FEC a phlé lena gcomhairleoir tréidliachta.

**Iarscríbhinn 5. Breithniúcháin i ndáil leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) nuair a bhíonn sonraí á gcomhroinnt idir DAFM, ICBF agus aon soláthraithe seirbhíse tríú páirtí.**

**Fógra um Chosaint Sonraí:**

**Cuid A:**

**Faisnéis is infheidhme maidir le custaiméirí uile na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara:**

• Tá an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara tiomanta do na sonraí pearsanta a sholáthraíonn a custaiméirí a choimeád slán agus sábháilte i rith na bpróiseas riaracháin. Tá gach beart teicniúil riachtanach bunaithe chun sábháilteacht agus slándáil na gcóras a bhfuil na sonraí seo á gcoimeád iontu a chinntiú.

• Glacann an Roinn leis go bhfuil tábhacht ag baint le trédhearcacht agus le hoscailteacht i ndáil le húsáid sonraí pearsanta atá i seilbh na Roinne agus, dá réir sin, tá sé mar aidhm againn gach custaiméir dár gcuid a chur ar an eolas faoi gcúis/faoi na cúiseanna a bhfuil úsáid á baint as a gcuid sonraí agus cén fáth, cén áit is féidir na sonraí a chomhroinnt agus cén fáth, agus cén fhad is féidir leis an Roinn a gcuid sonraí a choimeád. Cuirfear faisnéis maidir le cearta custaiméirí ar fáil freisin.

• Is í an reachtaíocht reatha maidir le Cosaint Sonraí in Éirinn, Acht um Chosaint Sonraí 1988 arna leasú le hAcht um Chosaint Sonraí 2003, Acht um Chosaint Sonraí 2018 agus na Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (AE 2016/679)

• Is é an Rialaitheoir Sonraí i ndáil le sonraí pearsanta a bhailiú agus a phróiseáil sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, an Roinn féin, mar eintiteas dleathach.

• Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach um Chosaint Sonraí ar na bealaí seo a leanas:

An tOifigeach um Chosaint Sonraí
An tAonad um Chosaint Sonraí, Gnóthaí Corparáideacha,
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara,
Páirc Gnó Grattan, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Port Laoise, Co. Laoise.
R32 RY6V
Teileafón: 057 8694301
Ríomhphost: dataprotectionofficer@agriculture.gov.ie

• Ní úsáidfear sonraí pearsanta arna bpróiseáil ag an Roinn ach le haghaidh na críche/na gcríoch sonraithe a luaitear tráth bailithe na sonraí, nó i gcumarsáid ina dhiaidh sin, agus ní úsáidfear na sonraí ach de réir na reachtaíochta um Chosaint Sonraí atá i bhfeidhm.

• Cearta an duine aonair i ndáil le sonraí pearsanta i seilbh na Roinne:

• Nuair a sholáthraíonn tusa, mar chustaiméir, sonraí pearsanta don Roinn tá cearta áirithe agat i ndáil leis na sonraí sin. Tá cur síos déanta ar na cearta sin

thíos agus is féidir iad a fheidhmiú trí theagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach um Chosaint Sonraí, agus an ceart/na cearta is mian leat a fheidhmiú a léiriú. Suas go dtí an 25 Bealtaine 2018, bhí na cearta seo a leanas ag ár gcustaiméirí:

• rochtain a fháil ar a gcuid sonraí

• go ndéanfaí ceartúcháin ar a gcuid sonraí

• go ndéanfaí a gcuid sonraí a léirscriosadh

• an ceart gearán a thaisceadh leis an Údarás Maoirseachta

Ón 25 Bealtaine 2018 tá na cearta breise seo a leanas ag custaiméirí uile na Roinne freisin:
• srian a chur le próiseáil

• iniomparthacht sonraí

• agóid a dhéanamh i gcoinne próiseála

• toiliú a aistarraingt má thug siad toiliú roimhe sin i ndáil le próiseáil a gcuid sonraí nó i ndáil le cinnteoireacht uathoibrithe, lena n-áirítear próifíliú.

**Cuid B – Faisnéis a bhaineann go sonrach le sonraí pearsanta atá á mbailiú**
**Baineann na sonraí seo a leanas go sonrach le sonraí pearsanta atá á bpróiseáil chun iarratas a dhéanamh faoi Chlár BEEP-S**
1. Críoch shonraithe:

Teastaíonn na sonraí pearsanta atá á lorg ón duine is ábhar do na sonraí chun críche iarratas a dhéanamh faoin gClár BEEP-S. Mura gcuirtear na sonraí pearsanta ar fad ar fáil atá riachtanach chun próiseáil iarratais a éascú, lena n-áirítear tástáil sonraí, faoin gclár, ní bheidh DAFM in ann an t-iarratas a phróiseáil.
2. Bonn dlí:

Tá Clár BEEP-S á chur i ngníomh de bhun Acht Airí agus Rúnaithe 1924 agus á fheidhmiú ag DAFM.

3. Faighteoirí:

Roinnfear faisnéis curtha ar fáil mar chuid den iarratas ar Chlár BEEP-S, chun críche d'iarratas a phróiseáil, le:
• Cónaidhm Phórú Eallaigh na hÉireann (ICBF)

• *Capita Customer Solutions*

4. Aistrithe lasmuigh den AE:

I láthair na huaire, níl faisnéis a sholáthraítear chun tacú le hiarratas faoi gClár Éifeachtúlachta Comhshaoil Mairteola - Ba Diúil, á haistriú lasmuigh den AE.
5. Tréimhse Choinneála:

Coinneoidh DAFM sonraí curtha ar fáil ag an duine is ábhar do na sonraí chun tacú leis an iarratas faoi BEEP-S ach amháin má tá riachtanas gnó ann é sin a dhéanamh de réir na gcríoch lenar bailíodh na sonraí.
I ndiaidh an ama sin, marcálfar na sonraí mar shonraí atá le scriosadh de réir treoirlínte inmheánacha nó treoirlínte maidir le scrios atá faighte ó Oifig na gCartlann Náisiúnta nó ceadanna gaolmhara faighte ón Oifig.

6. Soláthar reachtúil sonraí nó soláthar sonraí faoi oibleagáid chonarthach:

Tá na sonraí atá á soláthar chun na críche seo á lorg faoi cheanglais an Chláir Éifeachtúlachta Comhshaoil Mairteola agus má roghnaíonn an custaiméir gan an fhaisnéis seo a chur ar fáil ní féidir leanúint lena n-iarratas ar an gClár BEEP-S.

7. Cinnteoireacht Uathoibrithe:

Déanfar sonraí pearsanta a chuirtear ar fáil in iarratas faoi BEEP-S a phróiseáil go huathoibríoch chun críche reáchtáil éifeachtach an chláir, agus íoc tráthúil na rannpháirtithe.
Úsáidfear cinnteoireacht uathoibrithe freisin chun críche rannpháirtithe a roghnú lena n-iniúchadh de réir na rialachán.

8. Faisnéis ó Thríú Páirtí:
I láthair na huaire, ní fhaightear faisnéis ó thríú páirtithe i ndáil le hiarratasóirí faoin gClár Éifeachtúlachta Comhshaoil Mairteola.

9. Eolas teicniúil maidir le sonraí bailithe:
Tá eolas teicniúil maidir leis na fianáin a úsáidtear ar shuíomh gréasáin na Roinne le fáil ag an nasc seo a leanas: https://www.agriculture.gov.ie/legalnotices/privacy